Comhairle an
Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 12 Iúil 2024
(OR. en)

12085/24

**Comhad Idirinstitiúideach:
2023/0418(COD)**

CODEC 1651
VISA 117
COWEB 127
COMIX 323

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1806 a mhéid a bhaineann le sealbhóirí pasanna Seirbiacha arna n-eisiúint ag Stiúrthóireacht na Seirbia um Chomhordú *(Koordinaciona uprava)***(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. An 16 Samhain 2023, chuir an Coimisiún an togra[1], atá bunaithe ar Airteagal 77(2), pointe (a) CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle.

2. An 23 Aibreán 2024, ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún. Léirítear leis an seasamh ón bParlaimint, mar a tarchuireadh chuig an gComhairle é an 8 Iúil 2024 tar éis bailchríoch dhlítheangeolaíoch a bheith curtha air[2], an comhaontú ar tháinig na hinstitiúidí air maidir le ceannas a ghlacadh ar an togra ón gCoimisiún agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh sé inghlactha ag an gComhairle.

[1] 15074/23.
[2] 12007/24.

3. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, a dhearbhú go n-aontaíonn sé leis sin agus iarrtar air a mholadh don Chomhairle[3] an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa a fhormheas, mar a leagtar amach in
PE-CONS 81/24 é, mar mhír 'A' ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo.

4. Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus Uachtarán na Comhairle, foilseofar in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh* é.

---

[3] Is é atá sa Rialachán seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen nach bhfuil Éire rannpháirteach iontu, i gcomhréir le Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle; dá bhrí sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Rialacháin seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.